

# Corpoideachas trí Ghaeilge

Maith thú.



Déan cúram cuí den sábháilteacht i gcónaí trína chinntiú go mbaineann an páiste feidhm as cleachtais shábháilte.

Lá 9: Téamh Suas: Uimhreacha

Forbairt: Glúin go méar coise

Téamh Síos: Liathróid a rolladh

Fearas: 5 liathróid bhog / feadóg

	Teanga Riachtanach	Teanga Chomhlántach
<b>Téamh Suas: Uimhreacha</b> <b>1 = stop</b> <b>2 = na páistí ag rith</b> <b>3 = ag lámhacán / ag siúl ar do ghlúine agus ar do lámha (cosúil le leanbh)</b> <b>4 = rolladh</b> (Is féidir leat do rogha gníomhaíochtaí a dhéanamh do na huimhreacha seo bunaithe ar an suíomh atá agat.) (ag léim cosúil le frog / an léim fhada / an léim ard / ag scipeáil / ag dornálaíocht / ag imirt iománaíochta / ag lannrolláil / ag .....)	<i>Bígí ag éisteacht go cúramaach.</i> <i>Stopaigí.</i> <i>Bígí ag rith.</i> <i>Bígí ag lámhacán / ag dornálaíocht / ag imirt iománaíochta / ag lannrolláil / ag .....</i> <i>Bígí ag rolladh.</i> <i>Ní raibh ____ ag éisteacht.</i> <i>Seas amach. Seas ag an líne. Tar amach anseo in aice liom.</i> <i>____, is féidir leatsa na huimhreacha a ghlaoch amach.</i> <i>An bhfuil cead agam na huimhreacha a ghlaoch amach?</i>	<i>Tá _____ ag pleidhcíocht.</i> <i>Chonaic mé _____ ag _____.</i> <i>Ní raibh sé ag _____, bhí sé ag _____.</i> <i>Ní féidir liom é a dhéanamh mar .....</i> <i>Tá mo ghlúin tinn / ag cur fola.</i>  <i>An bhfuil cead agam sos a thógáil / na huimhreacha a ghlaoch amach</i>
<b>Forbairt: Glúin go méar coise</b>	<i>An bhfuil cead agam a bheith ag fiach / sa tóir?</i>	<i>Tá an cluiche seo go hiontach / an-deacair.</i>

# Corpoideachas trí Ghaeilge



Beidh cúigear as an rang ag fiach / sa tóir agus beidh liathróid bhog ag an gcúigear. Beidh teora leis an spás agus ní bheidh cead ag éinne dul lasmuigh den spás seo. Beidh ar an gcúigear breith ar na páistí eile sa rang ach caithfidh siad cloí leis na rialacha seo a leanas:

- beidh ort an páiste a bhualadh idir an ghlúin agus an méar coise leis an liathróid bhog
- níl cead rith / siúl leis an liathróid
- beidh ort an liathróid a chaitheamh ón spota a fuair / bhailigh tú í
- beidh ort an liathróid a chaitheamh go híseal

Don rang:

- Is féidir leo rith agus léim chun an liathróid a sheachaint.
- Bígí ag faire amach. / Bígí cúramach – beidh cúigear sa tóir. Coimeád súil amháin orthu.

*Cé atá ag fiach / sa tóir?*

*Níl cead agat bogadh nuair a bhíonn an liathróid agat.*

*Chaith sé an liathróid nuair a bhí sé ag rith / ag siúl / ag bogadh.*

*Rug mé ort?*

*Rug mé ar \_\_\_\_\_. Níor rug sé orm / air.*

*Cé a rug ort?*

*Ar rug sé/sí ort?*

*Bhuail tú / sé / sí mé.*

*Bhuail mé í / é.*

*Léim mé agus níor bhuail sé/sí mé.*

*Bhuail tú mé **taobh thuas** de mo ghlúin.*

*Níor bhuail tú mé **taobh thíos** de mo ghlúin.*

*Níor rug éinne orm fós.*

*Tá mé ró-chliste / ró-thapa dó/di/dóibh.*

*Tá tú as an gcluiche.*

*Bhris tú na rialacha / dhá riail.*

*Rith \_\_\_\_\_ lasmuigh den spás / líne. Tá sé as an gcluiche – amach leat.*

*Tá cúigear fágtha. Is féidir linn cluiche nua a thosú anois.*

*Féach. Bí cúramach.*

*Tá \_\_\_ ag fiach.*

*Fan amach uaidh / uaithi.*

*Bhrúigh \_\_\_ mé agus ansin rug \_\_\_ orm.*

*An bhfuil cead agam a bheith sa tóir / sos a thógail / deoch uisce a fháil / mo gheansaí a bhaint?*

*Tá mé ag cur allais.*

*Tá mé traochta / tuirseach traochta.*

*Cé mhéad duine atá fágtha sa chluiche?*

*Cé atá fágtha sa chluiche?*

*Níl fágtha ach \_\_\_\_\_.*

*Anois tá mise agus \_\_\_\_\_ sa tóir / ag fiach?*

*Is sealgaire mise.*

*Is sealgairí sinn.*

# Corpoideachas trí Ghaeilge

Maith thú.



<p><b>Téamh Síos: Liathróid a rolladh</b></p> <p>Na páistí go léir i gciorcail ar a nglúine. Beidh ceithre liathróid ag an múinteoir. Rialacha: Caithfidh tú an liathróid a rolladh díreach trasna go dtí an duine a roghnaíonn tú. m.sh. Ta an liathróid agam. <b>A _____, an bhfuil tú réidh / ullamh? Tá mé.</b> Ansin beidh ort an liathróid a rolladh an treo ceart go dtí an duine sin. Tabhair liathróid amháin don rang ar dtús go dtí go mbíonn tuiscint agus cleachtadh acu agus ansin cuir isteach 3 liathróid eile de réir a chéile.</p>	<p><i>Tá mé réidh / ullamh. An bhfuil tú réidh / ullamh? Brostaigh ort. Píoc / Roghnaigh mise. Níor sheol tú an liathróid an treo ceart. Tá sé cam. Tá sé cam arís. Tá an ciorcail seo ró-mhór / ró-bheag. Bog amach / isteach píosa eile. Tá tú an-mhaith ag an gcluiche seo. Níl mé go maith ag an gcluiche seo. Ní féidir liom an liathróid a stiúiriú / threorú.</i></p>	<p><i>Tar anseo, a liathróid. An treo seo. Caithfidh tú a bheidh níos láidre / níos dírithe. Bhí / Tá sé cam. Ní féidir liom an liathróid a stiúiriú / threorú.</i></p>
<p><b>Prionta sa Timpeallacht</b></p>	<p><b>An bhfuil sibh réidh / ullamh? Táimid réidh. An bhfuil tú réidh / ullamh? Tá mé / Táim.</b></p> <p>ag lámhacán / ag lannrolláil / ag dornálaíocht</p> <p>taobh thuas taobh thíos</p>	<p><b>An bhfuil cead agam a bheith sa tóir / ag fiach? Is sealgaire mise. Is sealgairí sinn.</b></p> <p>Rug sé / sí orm. (Níor rug) (Ar rug?) Bhuail sé / sí mé. (Níor bhuail) (Ar bhuail?)</p>

# Corpoideachas trí Ghaeilge

Text

Maith thú.

